Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Feabhra 2023
(OR. en)

6247/23
ADD 1

FIN 160
PE-L 7

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021<br>– *Glacadh*<br>– *Formheas litreach* |

**IARSCRÍBHINN**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún**
**i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta**
**an Aontais Eorpaigh**
**don bhliain airgeadais 2021**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 319 de,

Tar éis di an scrúdú dá bhforáiltear in Airteagal 319(1) CFAE a dhéanamh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir an chuntais ioncaim agus chaiteachais don bhliain airgeadais 2021:

- ba ionann an t-ioncam agus ........................................................ EUR 239 596 016 381.24
- ba ionann an caiteachas arna eisíoc as leithreasuithe agus ........ EUR 226 175 075 902.27
- ba ionann leithreasuithe CSTE faoi chomhair íocaíochtaí arna dtabhairt anonn ó bhliain *n--1* agus a cuireadh ar ceal agus ..................................................... EUR 264 502 697.48
- ba ionann leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna dtabhairt anonn go bliain *n*+1 (lena n-áirítear ioncam arna chur in áirithe) agus ........................ EUR 10 576 393 358.48
- ba ionann leithreasuithe CSTE faoi chomhair íocaíochtaí arna dtabhairt anonn ó bhliain *n-1* agus ............................................................................................ EUR 5 381 143.66
- ba ionann comhardú na ndifríochtaí sa ráta malairte agus ................ EUR 125 865 965.42
- ba ionann an t-iarmhéid buiséid dearfach agus .............................. EUR 3 229 534 639.73

(2) Ba ionann na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna gcur ar ceal don bhliain airgeadais agus EUR 264 502 697.48;

(3) Úsáideadh EUR 1 821 086 469.54 (87.32 %) den EUR 2 085 589 167.02 i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a tugadh anonn go dtí an bhliain 2021;

(4) Iarrtar barúlacha áirithe ón gComhairle, atá I gCEANGAL LEIS SEO, sna barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí don bhliain airgeadais 2021;

(5) Measann an Chomhairle go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfar obair leantach maidir lena barúlacha agus glacann sí leis go gcuirfidh an Coimisiún na moltaí uile chun feidhme ina n-iomláine, gan mhoill;

(6) Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le tuarascálacha speisialta a d'fhoilsigh an Chúirt in 2021 agus 2022[1];

(7) Tar éis an scrúdaithe dá dtagraítear thuas, beidh cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2021 ina iomláine, arna dhéanamh ag an gCoimisiún, ar bhonn na mbarúlacha ón gCúirt Iniúchóirí, déanta ar dhóigh inar féidir urscaoileadh a thabhairt i ndáil leis an gcur chun feidhme sin,

Á MHOLADH LEIS SEO, i bhfianaise na mbreithniúchán sin, go dtabharfaidh Parlaimint na hEorpa urscaoileadh don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

---

[1] Doic. 6697/22, 6829/22, 7275/22, 8156/22, 8452/22, 10307/22, 10504/22, 11209/22, 11480/22, 11518/22, 12778/22, 12815/22, 13081/22, 13426/22, 13519/22, 14751/22, 15746/22, 15747/22, 15921/22, 15991/22, 6071/23, 6163/23 agus 6289/23.

**RÉAMHRÁ**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an tuarascáil bhliantúil agus an Ráiteas Dearbhaithe ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais agus an anailís ar thorthaí na hiniúchóireachta agus na conclúidí atá inti. Measann an Chomhairle go bhfuil tábhacht mhór ag baint leis an obair neamhspleách iniúchóireachta atá déanta ag an gCúirt, dá bhforáiltear in Airteagal 287 CFAE, agus go sonrach leis an bpríomhchúram a bhaineann le Ráiteas Dearbhaithe a chur ar fáil maidir le hiontaofacht na gcuntas agus le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim agus an chaiteachais.

2. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil tuarascáil dréachtaithe ag an gCúirt don bhliain airgeadais 2021, díreach mar a bhí an dá bhliain roimhe sin, lena gcumhdaítear feidhmíocht na gclár caiteachais faoi bhuiséad an Aontais. Is doiciméad ar leith í an tuarascáil seo, atá scartha ón tuarascáil a bhaineann le hiontaofacht chuntais chomhdhlúite an Aontais agus rialtacht na n-idirbheart, lena n-áirítear, den chéad uair, caiteachas a bhaineann leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF). I dtuarascáil feidhmíochta na bliana seo, rinne an Chúirt anailís ar chúig thosaíocht chothrománacha beartais a phríomhshruthú i mbuiséad an Aontais. Iarrann an Chomhairle ar an gCúirt agus ar an gCoimisiún araon leanúint den mheasúnú ar fheidhmíocht bhuiséad an Aontais, ar léiriú den fhíorluach do shaoránaigh an Aontais é. Go sonrach, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún níos mó airde a dhíriú ar tháscairí feidhmíochta torthaí-bhunaithe ar féidir a nascadh go díreach le gníomhaíochtaí an Aontais.

3. Is díol sásaimh don Chomhairle gurb é a mheas an Chúirt go dtugtar léargas fíor cóir ar sheasamh airgeadais an Aontais i gcuntais an Aontais agus gur eisigh an Chúirt tuairim ghlan maidir le hiontaofacht chuntais 2021. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin gur measadh go raibh an t-ioncam do 2021 dlíthiúil, rialta agus saor ó earráid ábharach. Is oth leis an gComhairle, áfach, go bhfuil an leibhéal measta earráide a thuairiscigh an Chúirt fós ábharach agus, don tríú bliain as a chéile, gur eisigh an Chúirt tuairim neamhfhabhrach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais. Is díol sásaimh don Chomhairle gur eisigh an Chúirt tuairim ghlan maidir leis an gcéad íocaíocht faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

4. Admhaíonn an Chomhairle tuairimí na Cúirte, mar a shonraítear ina tuarascáil bhliantúil agus sa tuarascáil ar fheidhmíocht, agus tacaíonn sí leis na moltaí ón gCúirt, ina n-iarrtar ar an gCoimisiún agus ar institiúidí eile na moltaí ábhartha ón gComhairle a chur san áireamh freisin.

5. In ainneoin gur iarr an Chomhairle amhlaidh arís agus arís eile, níor léirigh an Chúirt leibhéal earráide do gach caibidil agus ní dhearna sí aon athrú ar an méid sin i gcomparáid leis na tuarascálacha a bhí ann roimhe seo a bhaineann leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2014-2020. I ndáil leis an méid sin, aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé inchomparáideacht a áirithiú idir na blianta laistigh de gach réimse beartais agus arís, iarrann sí ar an gCúirt rátaí earráide a chur ar fáil do na ceannteidil uile, gan beann ar mhéid an chaiteachais.

## 1. AN RÁITEAS DEARBHAITHE AGUS FAISNÉIS THACAÍOCHTA

1.1. Is oth leis an gComhairle gur ardaigh an leibhéal measta earráide a thuairiscigh an Chúirt in 2021 ó 2.7 % go 3.0%, ag imeacht a thuilleadh ón tairseach ábharthachta, agus tugann sí dá haire go ndéantar difear ábharach do chion mór den chaiteachas arna iniúchadh ag an gCúirt, 63.2 % ar caiteachas aisíocaíocht-bhunaithe den chuid is mó é, trí earráid. Thairis sin, is oth leis an gComhairle an t-ardú ar an leibhéal measta earráide sa chaiteachas ardriosca ó 4.0 % in 2020 go 4.7 % in 2021, atá ag imeacht a thuilleadh freisin ón tairseach ábharthachta 2 %. Tugann an Chomhairle dá haire go measann an Chúirt go bhfuil éifeachtaí na n-earráidí a fuarthas i gcaiteachas inghlactha na bliana ábharach agus forleathan araon.

1.2. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur cheart, chun na rátaí earráide a laghdú agus chun bainistiú éifeachtach cuí a dhéanamh ar chistí an Aontais, tús áite a thabhairt i gcónaí do reachtaíocht agus do bhearta cur chun feidhme atá níos simplí, níos trédhearcaí agus níos intuartha. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún rialacha agus nósanna imeachta a bhfuil castacht gan ghá ag baint leo a shainaithint agus a shimpliú, gan na caighdeáin agus na ceanglais is gá don chuntasacht a laghdú.

1.3. Admhaíonn an Chomhairle go gclúdaítear roinnt blianta leis na cláir chaiteachais agus na córais rialaithe a bhaineann leo agus lena dtimthriallta bainistíochta. I ndáil leis sin, tá róil dhifriúla ag an gCúirt agus ag an gCoimisiún sna próisis rialaithe bhliantúla agus ilbhliantúla, agus d'fhéadfadh torthaí difriúla a bheith ann mar gheall air sin. Tá mar chuspóir ag na ceartuithe airgeadais agus na haisghabhálacha arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún an leibhéal earráide a thabhairt faoi bhun an leibhéil ábharthachta. Sa chomhthéacs sin, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil sé measta ag an gCoimisiún go bhfuil an riosca íocaíochta ag 1.9 % agus go bhfuil leibhéal na hearráide tráth an dúnta 0.8 % faoi bhun na tairsí ábharthachta.

1.4. Is cúis imní don Chomhairle go bhfuil leibhéal riosca níos ísle á mheas ag an gCoimisiún arís is arís eile i gcás ceannteidil áirithe, le hais an leibhéil riosca atá á mheas ag an gCúirt. I dtuairim na Cúirte, tá sin ag tarlú mar gheall ar laigí i roinnt seiceálacha *ex post*, lena ndéantar difear don mheasúnú riosca arna dhéanamh ag an gCoimisiún.

1.5. Meabhraítear don Chomhairle nach tomhas ar chalaois, ar neamhéifeachtacht ná ar chur amú cistí *per se* é leibhéal measta earráide na Cúirte, ach tomhas ar íocaíochtaí nach ndearnadh i gcomhréir leis na rialacha agus na rialacháin is infheidhme i ndáil le hincháilitheacht caiteachais.

1.6. Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ghlan ón gCúirt maidir le hiontaofacht chuntais bhliantúla an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'na cuntais' anseo feasta) don bhliain airgeadais 2021. Tugann an Chomhairle dá haire agus is díol sásaimh di an ráiteas ón gCúirt go gcuirtear i láthair go cothrom, ar gach bealach ábharach seasamh airgeadais an Aontais, ón 31 Nollaig 2021, agus torthaí a oibríochtaí, a shreabhadh airgid agus na hathruithe ar a ghlansócmhainní don bhliain dar críoch, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais agus leis na rialacha cuntasaíochta atá bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo go hidirnáisiúnta don earnáil phoiblí.

1.7. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin go bhfuil an t-ioncam is bun leis na cuntais do 2021 dlíthiúil agus rialta ar gach bealach ábharach, mar a bhí sna blianta roimhe seo.

1.8. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis sásaimh di an obair atá déanta ag na comhlachtaí iniúchóireachta maidir le hearráidí agus míbhainistiú a bhrath i ndáil le cistí an Aontais, chomh maith leis na hiarrachtaí agus na gníomhaíochtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit chun moltaí na Cúirte a chur chun feidhme. Mar sin féin, aithníonn an Chomhairle na heasnaimh a shainaithin an Chúirt i gcuid oibre údaráis iniúchóireachta áirithe. Bunaithe ar an méid a mheas an Chúirt, molann an Chomhairle do na gníomhaithe uile a bhfuil baint acu le bainistiú agus rialú chur chun feidhme bhuiséad an Aontais a gcuid oibre a fheabhsú a thuilleadh ionas go mbeadh an Chúirt in ann leas níos fearr a bhaint as i bhfianaise na bhforbairtí a bhaineann le prionsabal na trasiontaoibhe.

1.9. Á chur san áireamh aici go bhfuil sé ríthábhachtach go gcuireann buiséad an Aontais fíorluach ar fáil go héifeachtach do shaoránaigh an Aontais, measann an Chomhairle gur gné thábhachtach den mheastóireacht bhliantúil a dhéantar ar bhainistiú fónta airgeadais chistí an Aontais é measúnú a dhéanamh ar na torthaí a bhaintear amach leis an mbuiséad sin.

## 2. BAINISTIÚ BUISÉADACH AGUS AIRGEADAIS

2.1. Tugann an Chomhairle dá haire gur cuireadh beagnach an buiséad ar fad cur chun feidhme in íocaíochtaí in 2021 agus gur tháinig méadú ar ionsú an chistithe ó Chistí Struchtúracha na hEorpa faoi CAI 2014-2020.

2.2. Ar an taobh eile, tugann an Chomhairle dá haire nár cuireadh mórán de na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas chun feidhme, go príomha ó tharla gur ghlacadh an rialacháin earnála atá mar bhonn taca le CAI 2021-2027 chomh déanach.

2.3. Is ábhar imní don Chomhairle an leibhéal is airde riamh ó thaobh gealltanais bhuiséadacha nár comhlíonadh, ag tabhairt dá haire di ag an am céanna gurb amhlaidh, in 2021, atá an méadú sin mar thoradh ar na gealltanais a bhaineann leis an ionstraim NextGenerationEU (NGEU) agus gur tháinig laghdú ar na gealltanais nár comhlíonadh i mbuiséad an Aontais. Sa chomhthéacs sin, tacaíonn an Chomhairle leis an moladh ón gCúirt atá dírithe ar an gCoimisiún maidir leis an údarás buiséadach a chur ar an eolas faoi na tosca a chuireann le héabhlóid na ngealltanas nár comhlíonadh agus gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh d’fhonn na gealltanais nár comhlíonadh a laghdú de réir a chéile.

2.4. Tugann an Chomhairle dá haire measúnú na Cúirte i ndáil le nochtadh méadaithe bhuiséad an Aontais mar gheall ar NGEU agus na hiasachtaí a thugtar faoi ionstraim SURE. Tugann sí dá haire freisin na rioscaí a measúnaíodh i ndáil le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, go háirithe an riosca níos airde atá ann go spreagfar dliteanais theagmhasacha maidir le buiséad an Aontais. Dá bhrí sin, tacaíonn an Chomhairle leis an moladh ón gCúirt don Choimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an riosca sin agus gníomhú dá réir.

## 3. IONCAM

3.1. Tugann an Chomhairle dá haire agus is díol sásaimh di nach raibh tionchar ag earráid ábharach ar an gcuid den bhuiséad a bhain leis an ioncam in 2021 agus go ndearnadh measúnú ar na córais a bhaineann le hioncam a scrúdaíodh mar chórais a bhí éifeachtach tríd is tríd. Mar sin féin, measadh na príomhrialuithe inmheánacha ar acmhainní dílse traidisiúnta (ADT) i mBallstáit áirithe, chomh maith le bainistiú fhorchoimeádais CBL agus pointí oscailte ADT sa Choimisiún, mar a bheith éifeachtach i bpáirt, mar gheall ar laigí leanúnacha.

3.2. I ndáil leis sin, tacaíonn an Chomhairle leis an tuairim ón gCúirt nach bhfuil cur chuige coiteann á chur i bhfeidhm ag an gCoimisiún maidir leis na Ballstáit uile agus spriocdhátaí á leagan síos aige chun an tionchar airgeadais a ríomh agus chun na méideanna a bhaineann le forchoimeádais CBL a thaifeadadh, agus nach bhfuil córas curtha chun feidhme go hiomlán ag an gCoimisiún chun na heasnaimh a eascraíonn as a chigireachtaí ADT a rangú agus a chur in ord tosaíochta agus nár leag sé síos spriocdhátaí dá ngníomhaíochtaí leantacha.

3.3. Molann an Chomhairle don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh a luaithe is féidir ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le breithiúnas na Ríochta Aontaithe maidir le tearcmheastóireacht an 8 Márta 2022 chun intuarthacht a áirithiú do na Ballstáit.

3.4. Tugann an Chomhairle dá haire freisin gur cuireadh moill ar chur chun feidhme roinnt gníomhaíochtaí i bPlean Gníomhaíochta Custaim an Choimisiúin lena rannchuidítear leis an mbearna chustaim a laghdú. I ndáil leis sin, tacaíonn an Chomhairle le tuairim na Cúirte nach bhfuil go leor dul chun cinn déanta ag an gCoimisiún ina Phlean Gníomhaíochta Custaim, agus nár críochnaíodh fós an fhorbairt ar a straitéis faireacháin maidir leis na hearraí a allmhairítear isteach san Aontas trí Thuaisceart Éireann.

3.5. Dá réir sin, tacaíonn an Chomhairle leis an moladh gaolmhar ón gCúirt maidir le feabhas a chur ar an measúnú ar rioscaí airgeadais i réimse an chustaim faoi na spriocdhátaí a leagtar síos sa Phlean Gníomhaíochta Custaim.

---

## 4. AN MARGADH AONAIR, NUÁLAÍOCHT AGUS INNEACHAR DIGITEACH

4.1. Is oth leis an gComhairle gur ardaigh an leibhéal measta earráide a thuairiscigh an Chúirt ó 3.9 % in 2020 go 4.4 % in 2021 agus go bhfuil sé i bhfad níos airde ná an tairseach ábharthachta i gcónaí.

4.2. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil ardriosca fós ag baint leis an gcaiteachas le haghaidh an 7ú Clár Réime um Thaighde (FP7) agus Fís 2020 (H20202) agus gur ceann de phríomhfhoinse na n-earráidí é, arb ionann agus 45 % den leibhéal measta earráide don cheannteideal sin in 2021.

4.3. Is oth leis an gComhairle, in ainneoin an tsimplithe riaracháin a rinneadh ar Fís 2020 agus in ainneoin na bhfeabhsuithe tuairiscithe ar cheapadh an chláir agus ar straitéis rialaithe an Choimisiúin, go bhfuil tionchar fós ag earráid ábharach ar chaiteachas taighde. Tathantaíonn an Chomhairle, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún leanúint dá iarrachtaí chun ráta earráide atá faoi bhun na tairsí ábharthachta a bhaint amach.

4.4. Is oth leis an gComhairle gur chinn an Chúirt go mbeadh an leibhéal measta earráide 1.7 pointe céatadáin níos ísle dá mba rud é go raibh úsáid chuí bainte ag an gCoimisiún nó ag na hiniúchóirí ar conradh ag tairbhithe as na bhfaisnéis ar fad a bhí ar fáil chun earráidí a chosc, a bhrath agus a cheartú sular ghlac siad leis an gcaiteachas. Dá bhrí sin, tacaíonn an Chomhairle leis an moladh go gcuirfí feabhas ar an treoir a thugtar d'iniúchóirí neamhspleácha. Ag an am céanna, aithníonn an Chomhairle go ndearnadh, le roinnt de na bearta ceartaitheacha a chuir an Coimisiún i bhfeidhm, an leibhéal measta earráide a laghdú de 0.2 pointe céatadáin. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an athuair leanúint dá iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar chúiseanna na hearráide, agus béim ar leith á leagan ar na cláir atá faoi réir leibhéil earráidí arda leanúnacha, agus a chuid iarrachtaí a neartú chun na bearta atá déanta cheana i ndáil leis sin a chur chun feidhme ina n-iomláine.

4.5. Is oth leis an gComhairle, mar a tharla sna blianta roimhe seo, go mbaineann an príomhriosca a shainaithin an Chúirt leis na costais neamh-incháilithe a d'fhógair na tairbhithe. De réir anailís na Cúirte, is costais phearsanra neamh-incháilithe iad formhór na n-earráidí inchainníochtaithe i gcónaí. Baineann earráidí den sórt sin den chuid is mó le heintitis phríobháideacha, go háirithe FBManna agus iontrálaithe nua. Dá bhrí sin, tacaíonn an Chomhairle leis na moltaí ón gCúirt maidir le Fís 2020 agus Fís Eorpach agus iarrann sí an athuair ar an gCoimisiún feabhas a chur ar a fheachtas faisnéise agus a iarrachtaí cumarsáide chun treoir chuí a thabhairt do thairbhithe maidir le saincheisteanna casta. Tacaíonn an Chomhairle freisin leis an moladh ón gCúirt go gcuirfí feabhas ar na rialuithe *ex-ante* chun coigeartuithe féideartha neamh-incháilithe ar na costais phearsanra arna dtíolacadh ag na tairbhithe a shainaithint agus deireadh a chur leo tar éis na rátaí in aghaidh na huaire a athríomh.

## 5. COMHTHÁTHÚ, ATHLÉIMNEACHT AGUS LUACHANNA

5.1. Is oth leis an gComhairle gur tháinig ardú ar an leibhéal measta earráide a thuairiscigh an Chúirt le haghaidh íocaíochtaí sa réimse beartais ‘Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach’ ó 3.5 % in 2020 go 3.6 % in 2021, tar éis laghdú a theacht air le dhá bhliain anuas, ó 4.4 % in 2019 agus 5.0 % in 2018. Thairis sin, is oth leis an gComhairle, áfach, go bhfuil an leibhéal measta earráide i bhfad os cionn na tairsí ábharthachta 2 %. Ar an taobh eile, meabhraítear don Chomhairle go raibh an leibhéal measta earráide le haghaidh na n-idirbheart in 2000-2006, tráth a ríomhadh an ráta earráide den chéad uair, i bhfad níos airde ná mar a bhí le haghaidh na tréimhse 2014-2020.

5.2. Admhaíonn an Chomhairle, cé nach féidir leis an gCúirt fós a bheith ag brath go hiomlán ar an obair a dhéanann cuid de na húdaráis iniúchóireachta, gurb ionann na pacáistí dearbhaithe comhtháthaithe agus cion níos mó sa sampla i mbliana ná mar ab fhíor le cúpla bliain anuas agus go raibh ráta earráidí iarmharacha os cionn 2 % i gcion níos lú de na pacáistí sin. Agus na hiarrachtaí atá déanta ag na húdaráis iniúchóireachta agus na feabhsuithe a cuireadh i gcrích go dtí seo á n-aithint ag an gComhairle, molann sí go dtabharfaí tuilleadh céimeanna, le cúnamh ón gCoimisiún, chun iontaofacht a bhaint amach agus chun an riosca ard earráide a mhaolú.

5.3. Is díol sásaimh don Chomhairle an simpliú a rinneadh ar na cláir chomhtháthaithe, go háirithe don chlárthréimhse 2021-2027, agus an méadú atá tagtha ar an úsáid a bhaintear as roghanna costais simplithe i bhfianaise ráta earráide laghdaithe. Aithníonn an Chomhairle, áfach, gurb iad costais agus tionscadail neamh-incháilithe na príomhfhoinsí earráide fós, agus tathantaíonn sí ar an gCoimisiún, ar na comhreachtóirí agus ar na Ballstáit leanúint dá n-iarrachtaí chun an reachtaíocht lena rialaítear cistí an Aontais a shimpliú, lena n-áirítear ar an leibhéal náisiúnta, agus níos mó béime a leagan ar roghnú agus ar mhaoiniú na dtionscadal agus na gcostas ar léir gur incháilithe iad. Níor cheart, áfach, go mbeadh rialacha agus rialú stóinsithe thíos leis mar gheall ar an simpliú sin.

5.4. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil an creat rialaithe agus dearbhaithe do chláir chomhtháthaithe de chineál bliantúil agus ilbhliantúil araon. Cé go bhfuil na rialacha reatha bunaithe ar chóras atá bunaithe ar ghlacadh an Choimisiúin le cuntais bhliantúla, cumhdaíonn na cláir oibríochtúla roinnt blianta. Mar thoradh air sin, déanann an Coimisiún, mar bhainisteoir ar bhuiséad an Aontais, straitéisí rialaithe ilbhliantúla a chur i bhfeidhm atá ceaptha earráidí a chosc agus, i gcás nach féidir sin a dhéanamh, na straitéisí sin a bhrath agus ceartúcháin a chur i bhfeidhm roimh dhúnadh na gclár. Léirítear leis sin go bhfuil róil éagsúla ag an gCoimisiún agus ag an gCúirt i slabhra rialaithe bhuiséad an Aontais, rud a d'fhéadfadh torthaí éagsúla a bhaint amach. I ndáil leis an méid sin, tugann an Chomhairle dá haire gur mheas an Coimisiún an riosca tráth na híocaíochta le haghaidh Comhtháthú, athléimneacht agus luachanna ag 2.3 % , agus an riosca tráth an dúnta ag 1.2 %, bunaithe ar mheastachán ar cheartúcháin a dhéanfar amach anseo.

5.5. Is oth leis an gComhairle na laigí soláthair a shainaithin an Chúirt i ndáil leis an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála agus tacaíonn sí leis an moladh ón gCúirt go bhfíoróidh an Coimisiún go gcomhlíonann monaróirí vacsaíní in aghaidh COVID-19 téarmaí na gcomhaontuithe réamhcheannaigh agus go ndéanfaidh siad gníomhaíocht cheartaitheach de réir mar is gá.

## 6. ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

6.1. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil laghdú tagtha ar an leibhéal measta earráide a thuairiscigh an Chúirt maidir le híocaíochtaí sa réimse beartais 'acmhainní nádúrtha' ó 2.0 % in 2020 go 1.8 % in 2021, agus tugann sí dá haire go bhfuil an leibhéal earráide faoi bhun na tairsí ábharthachta ach fós gar di.

6.2. Is díol sásaimh don Chomhairle é gur tháinig, leis na bearta ceartaitheacha arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit, laghdú 0.3 pointe céatadáin ar an leibhéal measta earráide, á thabhairt dá haire di ag an am céanna go bhféadfadh leibhéal na hearráide don chaibidil seo a bheith 1.2 pointe céatadáin níos ísle dá n-úsáidtí an fhaisnéis uile a bhí ar fáil. Dá bhrí sin, molann an Chomhairle don Choimisiún leanúint den tacaíocht a thugann sé do na Ballstáit agus dlús a chur leis an tacaíocht sin le go ndéanfaidh siad gach beart is gá chun earráidí a chosc, a bhrath agus a cheartú agus ar an gcaoi sin go leanfaidh an laghdú ar an ráta earráide. Mar sin féin, ní mór cóimheas costais agus tairbhe iomchuí a urramú.

6.3. Is díol sásaimh don Chomhairle é go raibh na híocaíochtaí díreacha, is é sin 67 % de cheannteideal 'acmhainní nádúrtha' CAI, saor, ina n-iomláine, ó earráid ábharach. Sa chomhthéacs sin, tugann an Chomhairle dá haire a éifeachtaí atá 'seiceálacha trí fhaireachán' agus tacaíonn sí leis an moladh ón gCúirt gur cheart comhroinnt dea-chleachtas a éascú maidir leis an úsáid a bhaineann na Ballstáit as teicneolaíochtaí nua i bhfianaise chur chun feidhme an Chórais Faireacháin Limistéir.

6.4. Tugann an Chomhairle dá haire gur i réimsí na forbartha tuaithe, na mbeart margaidh, na mara, an iascaigh, an chomhshaoil agus na gníomhaíochta ar son na haeráide is mó atá an riosca earráide sa chaibidil seo. Tacaíonn an Chomhairle leis an moladh ón gCúirt maidir le tuilleadh faireacháin a dhéanamh ar bheart 21, lena dtugtar aghaidh ar fhadhbanna leachtachta tairbhithe a raibh tionchar mór ag géarchéim COVID-19 orthu.

## 7. <u>IMIRCE AGUS BAINISTIÚ TEORAINNEACHA, SLÁNDÁIL AGUS COSAINT</u>

7.1. Tugann an Chomhairle dá haire, maidir le ceannteideal 4 (*Imirce agus bainistiú teorainneacha*) agus ceannteideal 5 (*Slándáil agus cosaint*), nach raibh scrúdú na Cúirte ionadaíoch arís don chaiteachas faoin dá cheannteideal sin in ainneoin na moltaí a rinne an Chomhairle roimhe seo. Dá bhrí sin, ní dhearna an Chúirt meastachán ar rátaí earráide do na ceannteidil sin. I bhfianaise an fhócais pholaitiúil mhéadaithe ar na réimsí beartais sin agus ar a mbuiséad méadaitheach, tathantaíonn an Chomhairle ar an gCúirt sampla ionadaíoch a chumhdach ina raon iniúchóireachta, le go mbeifear in ann ráta earráide a sholáthar don dá cheannteideal sin sna blianta atá le teacht.

7.2. Is díol sásaimh don Chomhairle conclúid na Cúirte go bhfuil nósanna imeachta iomchuí ag na húdaráis iniúchóireachta náisiúnta don Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) agus don Chiste Slándála Inmheánaí (ISF) a scrúdaigh sí chun tuairisciú agus chun aghaidh a thabhairt ar cheanglais na rialachán ábhartha a bhaineann go sonrach le cistí, agus caighdeáin iniúchóireachta á gcomhlíonadh acu. Cuireann an Chomhairle i bhfios, áfach, gur ábhar imní di cinntí na Cúirte maidir le roinnt laigí in obair na n-údarás iniúchóireachta, go háirithe i gcás ina mbaineann na laigí sin an bonn de na seiceálacha is gá ar nósanna imeachta soláthair nó incháilitheacht caiteachais a dearbhaíodh.

7.3. Tacaíonn an Chomhairle leis an moladh ón gCúirt agus iarrann sí ar an gCoimisiún treoir bhreise a chur ar fáil do thairbhithe ghníomhaíocht an Aontais agus an chúnaimh éigeandála, agus d'údaráis na mBallstát atá freagrach as cistiú a chur chun feidhme faoin dá cheannteideal sin, maidir leis na rialacha is infheidhme a chomhlíonadh (e.g. doiciméadacht tacaíochta a bhailiú, soláthar poiblí).

7.4. Tacaíonn an Chomhairle freisin leis an moladh atá dírithe ar an gCoimisiún seiceálacha *ex-ante* níos fearr agus spriocdhírithe a dhéanamh ar incháilitheacht caiteachais, go háirithe i gcás cúnamh éigeandála, á choimeád i gcuimhne di an comhthéacs fíordheacair ina ndéanann na tairbhithe gníomhaíochtaí éigeandála.

## 8. AN CHOMHARSANACHT AGUS AN DOMHAN

8.1. Tugann an Chomhairle dá haire, maidir le tástáil shubstainteach sa réimse 'an chomharsanacht agus an domhan' agus in ainneoin na moltaí a thug sí roimhe seo, nach raibh, arís, scrúdú na Cúirte ionadaíoch don chaiteachas faoin gceannteideal seo, agus, mar thoradh air sin, nár thug an Chúirt leibhéal measta earráide don chaibidil seo. Dá bhrí sin, tathantaíonn an Chomhairle ar an gCúirt sampla ionadaíoch a chumhdach ina raon feidhme iniúchóireachta sa réimse ardriosca sin, ionas go mbeidh sí in ann ráta earráide a chur ar fáil don cheannteideal sin sna blianta ina dhiaidh sin.

8.2. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht a thábhachtaí atá sé go mbeadh an t-uasmhéid trédhearcachta agus intomhaisteachta ann i ndáil leis an gcaiteachas faoin gceannteidil seo agus, i ndáil leis sin, is díol sásaimh di na trí mholadh ón gCúirt, agus tacaíonn sí leo, maidir leis an ngá le gealltanais nó réamhíocaíochtaí a éilítear mar chostais thabhaithe a asbhaint sula ndéantar íocaíochtaí nó imréitigh, rialuithe a neartú nuair a bhíonn comhaontuithe maoiniúcháin á ndréachtú le haghaidh oibríochtaí tacaíochta buiséid, agus cineál agus luach na gconarthaí atá eisiata ó dhaonra an staidéir ar an ráta earráidí iarmharacha a nochtadh. Iarrann an Chomhairle freisin ar an gCoimisiún leanúint de threoir a chur ar fáil, i gcás inar gá, maidir leis na costais thabhaithe a shainiú.

8.3. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil an Chúirt, de réir CFAE, i dteideal na doiciméid nó an fhaisnéis is gá a fháil chun a cúram a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is oth leis an gComhairle nach ndearnadh an t-iniúchadh ar eagraíochtaí idirnáisiúnta sna cúinsí ab fhearr agus go raibh moilleanna ann ar chúiseanna a bhaineann le rochtain.

---

## 9. RIARACHÁN POIBLÍ EORPACH

9.1. Is díol sásaimh don Chomhairle go raibh caiteachas riaracháin agus caiteachas gaolmhar institiúidí an Aontais fós saor ó earráid ábharach, mar a bhí sna blianta roimhe seo. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis sásaimh di nár sainaithníodh leibhéil ábharacha earráide ach an oiread sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí a d'athbhreithnigh an Chúirt. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún measúnú ar fheidhmíocht a chur ar fáil don chaiteachas riaracháin.

9.2. Is oth leis an gComhairle an bharúil ón gCúirt maidir le hearráid in íocaíocht a rinne Parlaimint na hEorpa le grúpa polaitiúil Eorpach agus, i ndáil leis sin, cinneadh na Cúirte go bhfuil rialacha inmheánacha soláthair Pharlaimint na hEorpa agus a gcur i bhfeidhm i ngnéithe áirithe ar neamhréir fós leis an Rialachán Airgeadais, rud a d'fhéadfadh a bheith ina riosca do chosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais. Iarrann an Chomhairle ar Pharlaimint na hEorpa feabhas a chur ar a nósanna imeachta, a treoracha agus a sásraí rialaithe chun earráidí agus easnaimh den sórt sin a chosc amach anseo.

9.3. Cé go n-aithníonn an Chomhairle go bhfuil feabhsuithe curtha ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) ar na próisis soláthair, is oth léi cinntí na Cúirte maidir le heasnaimh sa phoiblíocht *ex-ante*, an modh a úsáidtear chun praghas a scóráil agus an cineál nós imeachta soláthair a úsáidtear. Tugann an Chomhairle dá haire freisin cinneadh na Cúirte go bhfuil laigí sna nósanna imeachta earcaíochta do ghníomhairí áitiúla. Aontaíonn an Chomhairle leis an moladh ón gCúirt do SEGS beart iomchuí a dhéanamh chun cur i bhfeidhm ceart na rialacha soláthair a áirithiú agus oiliúint agus treoir maidir le soláthar agus nósanna imeachta earcaíochta araon a fheabhsú.

9.4. Is oth leis an gComhairle, in ainneoin ghníomhaíochtaí an Choimisiúin chun feabhas a chur ar a chórais TF ábhartha agus chun seiceálacha comhsheasmhachta a threisiú, go bhfuil earráidí fós ann i ndearbhuithe mball foirne maidir le lamháltais a fhaightear ó fhoinsí eile. Tacaíonn an Chomhairle leis an moladh ón gCúirt don Choimisiún feabhas a chur a luaithe is féidir ar na córais chun liúntais teaghlaigh a bhainistiú.

## 10. AN tSAORÁID TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA

10.1. Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim gan choinníoll a d'eascair as an gcéad iniúchadh a rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, a bhain leis an aon íocaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a rinneadh in 2021, agus, dá bhrí sin, go bhfuil caiteachas na Saoráide le haghaidh 2021 saor ó earráid ábharach.

10.2. Tugann an Chomhairle dá haire gur mheas an Chúirt nár comhlíonadh garsprioc amháin go sásúil, ach, ó thaobh an mheasúnaithe fhoriomláin de, nach bhfuil aon tionchar aige sin ar an tuairim gan choinníoll. I ndáil leis an méid sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún soiléiriú breise a thabhairt ar an modheolaíocht a úsáideann sé chun measúnú a dhéanamh ar bhaint amach na ngarspriocanna agus na spriocanna. Thairis sin, is cúis imní don Chomhairle nach bhfuil modh ag an gCoimisiún faoi láthair chun an tionchar a chainníochtú nuair nach mbaintear amach garsprioc nó sprioc agus iarrann sí go nglacfaí modh den sórt sin go pras, chun a áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm na critéir mheasúnaithe ar bhealach comhleanúnach agus cóir chomhionann a ráthú sna measúnuithe atá le teacht.

10.3. Ar deireadh, tacaíonn an Chomhairle leis na moltaí ón gCúirt maidir le soiléiriú a dhéanamh ar na gnéithe a chuirtear san áireamh chun garspriocanna agus spriocanna a mheasúnú, modheolaíocht a fhorbairt chun íocaíocht a chur ar fionraí (go páirteach) agus feabhas a chur ar dhoiciméadú mheasúnú na ngarspriocanna agus na spriocanna.

**FEIDHMÍOCHT BHUISÉAD AN AONTAIS**

1. Thug an Chúirt aghaidh ar chúig thosaíocht chothrománacha beartais a phríomhshruthú i mbuiséad an Aontais:

   – an t-athrú aeráide a chomhrac;

   – bithéagsúlacht a chaomhnú;

   – comhionannas inscne;

   – spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe; agus

   – an t-aistriú digiteach.

   Scrúdaigh an Chúirt ar ionchorpraíodh na tosaíochtaí cothrománacha ar fud na gclár caiteachais de chuid an Aontais a roghnaíodh agus ar chuir an Coimisiún creat feidhmíochta iomchuí i bhfeidhm chun rannchuidiú bhuiséad an Aontais leis na tosaíochtaí cothrománacha sin a thomhas. Rinne an Chúirt obair leantach freisin ar na moltaí iniúchóireachta a rinneadh i dtuarascálacha speisialta a foilsíodh in 2018.

2. A mhéid a bhaineann leis an athrú aeráide a chomhrac, is díol sásaimh don Chomhairle na cinntí ón gCúirt ina meastar go bhfuil an tosaíocht chothrománach aeráide comhtháite go maith i gcreat feidhmíochta bhuiséad an Aontais.

3. Mar sin féin, is oth leis an gComhairle cinneadh na Cúirte go bhfuil laigí sna figiúirí tuairiscithe maidir le bearta atá ábhartha don aeráid agus rianú na mbeart sin, as ar tháinig conclúidí a bhí ródhearfa, agus go ndearna an Coimisiún rómheastachán ar rannchuidiú aeráide an chistithe talmhaíochta. Tá an mhodheolaíocht rianaithe aeráide bunaithe go príomha ar mheastacháin *ex-ante* trí ‘chomhéifeachtaí aeráide an Aontais’ a shannadh do ghealltanais bhuiséadacha, agus tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún faisnéis a chur ar fáil freisin maidir le caiteachas iarbhír ar an aeráid sna ráitis chláir nó sa tuarascáil bhliantúil ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht.

4. I ndáil leis an mbithéagsúlacht a chaomhnú, is díol sásaimh don Chomhairle cinntí na Cúirte ina meastar go bhfuil an tosaíocht chothrománach bhithéagsúlachta comhtháite go maith i gcreat feidhmíochta bhuiséad an Aontais.

5. Tugann an Chomhairle dá haire an forluí atá ann cheana idir na spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta agus iarrann sí ar an gCoimisiún an méid sin a mheas agus an rannchuidiú a dhéantar le caiteachas bliantúil faoi CAI le cuspóirí bithéagsúlachta á ríomh. Tugann an Chomhairle dá haire freisin cinneadh na Cúirte go bhfuil laigí sna figiúirí a tuairiscíodh maidir le bearta atá ábhartha don bhithéagsúlacht agus rianú na mbeart sin.

6. Tugann an Chomhairle dá haire tuairim na Cúirte nach bhfuil comhtháthú an chomhionannais inscne i gcreat feidhmíochta bhuiséad an Aontais ach curtha i gcrích i bpáirt agus go bhfuil sé sách teoranta, agus tugann sí dá haire freisin cinneadh na Cúirte nár cuireadh comhionannas inscne san áireamh go leordhóthanach i dtimthriall buiséadach an Aontais go fóill. Measann an Chomhairle, áfach, gur céim dhearfach chun cinn maidir le rianú an chomhionannais inscne í modheolaíocht phíolótach an Choimisiúin chun caiteachas ar chomhionannas inscne a thomhas.

7. Tugann an Chomhairle dá haire cinneadh na Cúirte nach bhfuil modheolaíocht forbartha go fóill ag an gCoimisiún chun caiteachas ábhartha a thomhas le haghaidh gach cláir arb é is aidhm dó spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe a bhaint amach. Tugann an Chomhairle dá haire freisin go bhfuil tús curtha ag an gCoimisiún leis an tuairisciú ar na naisc idir cláir chaiteachais an Aontais agus na SDGanna, agus gur rannchuidigh formhór na gclár le SDG amháin ar a laghad in 2021.

8. A mhéid a bhaineann leis an aistriú digiteach, tugann an Chomhairle dá haire cinntí na Cúirte gur thuairiscigh an Coimisiún faisnéis maidir leis an aistriú digiteach do chláir a bhfuil cuspóirí ginearálta nó sonracha ábhartha acu, d'ainneoin nach n-áirítear an t-aistriú digiteach mar chuspóir príomhshruthaithe in CAI 2021-2027.

9. I bhfianaise an mhéid thuas ar fad, aontaíonn an Chomhairle leis an moladh ón gCúirt go ndéanfadh an Coimisiún na tosaíochtaí beartais cothrománacha a chomhtháthú ar bhealach níos fearr sa chreat feidhmíochta, go háirithe trí obair leantach a dhéanamh ar thorthaí a thionscadail phíolótaigh maidir le táscairí feidhmíochta na n-éifeachtaí a bhíonn ag caiteachais bhuiséid ar thosaíochtaí cothrománacha, tríd an modheolaíocht chun rianú a dhéanamh ar chaiteachas inscne a mhionchoigeartú, agus trí anailís a dhéanamh ar cé acu ar cheart nó nár cheart caiteachas a rianú chun tacú leis an aistriú digiteach agus leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe, agus trí chinneadh a dhéanamh conas an caiteachas sin a rianú.

10. Tacaíonn an Chomhairle freisin leis an moladh ón gCúirt maidir leis an ngá le feabhas a chur ar an tuairisciú ar thosaíochtaí cothrománacha beartais sna tuarascálacha bliantúla ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht agus sna ráitis chláir. Tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún feabhas a chur ar iontaofacht na faisnéise a thuairiscítear maidir leis na tosaíochtaí cothrománacha do na cláir aonair agus do bhuiséad an Aontais ina iomláine araon, go háirithe tríd an bhfaisnéis ábhartha a chur san áireamh sna tuarascálacha bliantúla ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht, agus aird á tarraingt aici freisin ar an úsáid a bhaintear as caiteachas chun tosaíochtaí cothrománacha éagsúla (e.g. sineirgí) a chumhdach, chomh maith le caiteachas ábhartha iomlán an bhuiséid a bhfuil tionchar dearfach aige ar chomhionannas inscne.